Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10909 – KFW / NEDERLANDSE GASUNIE / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 367/09)

1. An 16 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Kreditanstalt für Wiederaufbau ("KfW", an Ghearmáin), atá faoi úinéireacht Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Stáit Chónaidhme na Gearmáine,

— N.V. Nederlandse Gasunie ("Nederlandse Gasunie", an Ísiltír) arb é máthairchuideachta deiridh an ghrúpa cuideachtaí Gasunie ("Gasunie Group", an Ísiltír).

— German LNG Terminal GmbH ("GLNG", an Ghearmáin), atá faoi lánúinéireacht Nederlandse Gasunie.

Gheobhaidh KfW agus Nederlandse Gasunie rialú comhpháirteach ar GLNG de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is banc náisiúnta le haghaidh spreagadh é KfW a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le feabhas inbhuanaithe na ndálaí maireachtála eacnamaíocha, sóisialta agus éiceolaíochta ar fud an domhain thar ceann Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus na Stát Cónaidhme,

— Forbraíonn agus bainistíonn Nederlandse Gasunie bonneagar fuinnimh agus déanann sé cothabháil air, i.e. gréasáin iompair gáis, píblínte idirnáisiúnta idirthurais, saoráidí stórála gáis, suiteálacha tiontaithe gáis agus bonneagar GNL, chomh maith le hardáin trádála gáis fhíorúla.

3. Is é is cuspóir do GLNG saoráid athghásúcháin Gáis Nádúrtha Leachtaithe ("GNL") (an "Críochfort") a thógáil, a shealbhú agus a oibriú, Críochfort atá in Brunsbüttel i dtuaisceart na Gearmáine. Críochfort allmhairiúcháin agus dáileacháin GNL a oibriú, is é sin an raon feidhme atá beartaithe don Chríochfort.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10909 – KFW / NEDERLANDSE GASUNIE / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË